etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*








# Fáilte don Todhchaí

## Aonach Breisoideachas agus Oiliúna
## Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
## 2016

www.donegaletb.ie

## Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Beireann an tSeirbhís Threorach agus Faisnéise do Dhaoine Fásta iomlán comhairle, eolas, treoir agus comhairleoireacht faoi rún ar na roghanna oideachais atá ar fáil duit laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus fós atá ar fáil leis na soláthraithe oideachais eile. Sé aidhm na seirbhíse nó tacaíocht a thabhairt duit leis na cinntí ceart maidir le filleadh ar oideachas agus oiliúint agus cén dóigh is fearr iad a bhaint amach agus tú fós ag dul le do shaol féin ag an am céanna. Mura bhfuil tú cinnte faoi cén chúrsa atá fóirsteanach duit nó ag lorg eolas ar cén leibhéal is oiriúnaí duit, cuir glaoch orainn le do thoil ag 074 9178088 (Leitir Ceanainn) nó 074 9725520 (Baile Dhún na nGall), ar r-phost: adultguidance@donegaletb.ie nó tabhair cuairt fhad leis an suíomh idirlíon ag www.donegaletb.ie/adultguidance.




## Cén chúrsa atá ceart duit...



Beireann an tSeirbhís Threorach agus Faisnéise do Dhaoine Fásta iomlán comhairle, eolas, treoir agus comhairleoireacht faoi rún ar na roghanna oideachais atá ar fáil duit laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus fós atá ar fáil leis na soláthraithe oideachais eile. Sé aidhm na seirbhíse nó tacaíocht a thabhairt duit leis na cinntí ceart maidir le filleadh ar oideachas agus oiliúint agus cén dóigh is fearr iad a bhaint amach agus tú fós ag dul le do shaol féin ag an am céanna. Mura bhfuil tú cinnte faoi cén chúrsa atá fóirsteanach duit nó ag lorg eolas ar cén leibhéal is oiriúnaí duit, cuir glaoch orainn le do thoil ag 074 9178088 (Leitir Ceanainn) nó 074 9725520 (Baile Dhún na nGall), ar r-phost: adultguidance@donegaletb.ie nó tabhair cuairt fhad leis an suíomh idirlíon ag www.donegaletb.ie/adultguidance.

## Iarratas a dhéanamh ar chúrsa...

Cuireann an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall raon leathan de chúrsaí oideachais agus oiliúna ar fáil, gach ceann acu le critéir iontrála éagsúil. Beidh ar iarratasóirí agallamh a dhéanamh le tuiscint a thaispeáint ar an chúrsa féin, cad a spreagann iad le dul ina mbun agus le taispeáint a gcumas le riachtanais an chúrsa a bhainistiú. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le mac léinn an cúrsa ceart a roghnú agus ag an leibhéal ceart. Má thagann pointí éagsúil aníos ag an agallamh, tá an cabhrú ansin amharc ar na roghanna eile.

Tá sé simplí iarratas a dhéanamh ar chúrsa leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall – níl i gceist ach teagmháil leis na daoine cuí atá ar an liosta sa bhróisiúr seo faoin rannóg nó cúrsa a bhfuil suim agat ann agus cuirfidh siad foirm iarratais chugat go luath agus freagrófar aon cheisteanna a bhfuil agat. Má tá aon deacracht agat fáil i dteagmháil leis an duine ceart níl ann ach teagmháil leis an tSeirbhís Threorach agus Faisnéise do Dhaoine Fásta i Leitir Ceanainn, Fón: 074 9178088 nó Baile Dhún na nGall, Fón: 074 9725520 nó tabhair cuairt fhad leis an suíomh idirlíon www.donegaletb/coursefinder.

Má tá tú ar Liúntas Cuardaitheora Poist ba chóir teagmháil le d'Oifig Áitiúil leis an Roinn Choimirce Sóisialaí nó téigh i dteagmháil le hoifig Earcaíocht ar Chúrsaí Traenála ag 074 9120542 nó ag r-phost coursesdonegaltc@donegaletb.ie.

**www.donegaletb.ie/coursefinder**

## Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna

### Printíseacht
Tá printíseacht feicthe mar an modh aitheanta faoina gcuirtear oiliúint ar dhaoine le bheith ina cheardaithe in Éirinn agus baintear amach Gradam Leibhéal 6 do chuid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Duine ar bith ar mian leo bheith ina phrintíseach tá orthu fostaíocht a fháil ar dtús leis an fhostóir cheart a chomhlíonann na nithe oideachais atá i gceist. Le haghaidh sonraí iomlána faoi gach gné den oiliúint Printíseachta – cuir fón fhad linn ag 074 9120500, r-phost: apprenticeship@donegaletb.ie nó téigh fad leis an suíomh ag www.donegaletb.ie/apprenticeships



### Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (TFO)
Cuireann an clár TFO roghanna oideachais páirtaimseartha ar fáil dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. Tá Mór-dhámhachtain agus Mion-dhámhachtain ó Leibhéil 3 go 5 ón Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar chúrsaí a ritheann thar 6 mhí suas go 2 bhliain. Cuirtear na cúrsaí seo ar fáil ar fud na hIonaid Oideachais agus Oiliúna Aosaigh go léir i gcomhar leis an Chlár Oideachais Pobail. Tá na cúrsaí saor in aisce dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas dara leibhéal acu (Ardteistiméireacht nó a choibhéis) agus fós iad siúd atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh agus cárta leighis acu féin agus a gcleithiúnaithe. Tá táillí i gceist don TFO maidir le hiarratasóirí eile. Le haghaidh tuilleadh eolais cuir fón fhad linn ag 074 9178088, r-phost: adultguidance@donegaletb.ie nó cuairt fhad le www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Naisc Chúrsaí Traenála
Tá leibhéal tosaigh, clár traenála lánaimseartha ag Leibhéil 3 nó 4 ón Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a cheadaíonn foghlaimeoirí déanamh réidh le haghaidh deiseanna oideachais níos airde sa todhchaí. Le haghaidh tuilleadh eolais cuir glaoch fón fhad linn ag 074 91 25000/ 91 20542, r-phost: coursesdonegaltc@donegaletb.ie nó arís tabhair cuairt fhad leis an suíomh idirlíon ag www.donegaletb.ie/coursefinder

### Oideachas Pobail
Tá tacaíocht ón Chlár Oideachais Pobail le haghaidh seachadadh ar chúrsaí oideachais aosaigh sa phobal trí mhaoiniú ar chostais teagaisc na cúrsaí féin agus iad a mbunú go háitiúil. Tá na cúrsaí tiomáinte de réir riachtanais an phobail féin agus eagraithe go háitiúil. Cinntíonn an cur chuige seo "ón mbun aníos" go bhfuil na riachtanais atá i gceist le pobal áitiúil dírithe ar an phobal áitiúil sin féin amháin. Tá raon leathan de chúrsaí gearra, ranganna oíche ó Mion-dhámhachtain Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maoinithe ag an Chlár Oideachais Pobail. Is féidir sonraí na cúrsaí i do cheantar féin a fháil trí do ghrúpa pobail áitiúil, cuairt air www.donegaletb.ie/communityeducation nó teagmháil linn ag 074 9725520, r-phost: adultguidance@donegaletb.ie.

### Clár Iar-Ardteistiméireachta (IAT)
Is cúrsa dian, lánaimseartha iad IAT a mhaireann bliain amháin le daltaí a ullmhú le haghaidh fostaíochta ag leibhéal iontrála nó chun dul ar aghaidh chuig breis staidéir. Tá an IAT mar bhealach chun cinn díreach ón Ardteistiméireacht féin dóibh siúd ar mian leo an bhliain bhreise a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar réimse nó gairm éigin faoi leith agus fós do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas. Tá táille de €200 i gceist don IAT (tá daoine a bhfuil ar stádas leasa shóisialach nó cárta leighis acu saor ón chostas seo). De ghnáth bíonn ceann acu seo bainte amach ag na mic léinn roimhe – sin an Ardteistiméireacht, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta nó Gradaim Leibhéal 4 ón CnDBO (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) / DCCE (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann). Beidh breithniú comhionann a thabhairt d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais iontrála seo. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil leis an scoil dara leibhéal is cóngarach duit a chuireann cúrsaí IAT ar fáil nó seol ríomhphoist chuig adultguidance@donegaletb.ie nó téigh fad leis an suíomh idirlíon ag www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Oiliúint ar Sain-scileanna (OSS)
Cúrsaí lae chun foghlaimeoirí a ullmhú ar réimsí scileanna a bhaineann leis an áit oibre agus cáilíochtaí foirmiúla gairmoideachais dóibh siúd go háirithe atá ag tosú amach ag obair don chéad uair nó daoine ar mian leo breis scileanna a fhoghlaim le dul ar aghaidh chuig cúrsaí faoi leith ina bhfuil an margadh nó an fostóir ag dul. Bíonn leibhéil 3,4,5 agus 6 nó aitheantas tionscal creidiúnaithe ón DCCE (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann). Tá cúrsaí gearra ann de ghnáth 6 seachtain agus fós rudaí fada a mhaireann 40 seachtain. Tá an chuid is mó do na cúrsaí lae seo ar fáil ar bhonn lánaimseartha i rith na bliana sna hIonaid Oiliúna Leitir Ceanainn agus Gaoth Dobhair agus tá siad forlíonta ag soláthróirí ar chonradh ag ligean don Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an tsolúbthacht chun freastal ar éilimh an tionscail atá ag athrú. Úsáidtear agallaimh agus trialacha inniúlachta don chuid is mó leis na rannpháirtithe a roghnú. Tuilleadh eolais ar an iomlán seo ón oifig ag 074 9120500 / 9120542, r-phost: coursesdonegaltc@donegaletb.ie nó tabhair cuairt fhad le www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Soláthraithe Sain-Oiliúint (SSO)
Seo conarthaí a dhéanann an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall leis na Soláthraithe Sain-Oiliúint sa Chontae anseo le haghaidh cúrsaí oiliúna a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas agus a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu i gcomparáid leis na réimsí neamh-speisialtóireachta. Is féidir toradh do Dhámhachtainí Leibhéal 3,4,5 nó 6 a bhaint amach ón DCCE (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann). Bíonn na cúrsaí seo ar bhonn lánaimseartha i gcaitheamh na bliana i Leitir Ceanainn agus Gaoth Dobhair. Tuilleadh eolais ag 074 9120500 / 9120542, r-phost: coursesdonegaltc@donegaletb.ie nó gabh fad le www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Cúrsa Oiliúna
Tá na Cúrsaí Oiliúna seo dírithe ar cheirdeanna faoi leith agus iad uile formhuinithe ag tionscail a bhfuil fós speisialta agus is féidir Leibhéil 5 agus 6 de Mór-Dhámhachtainí a bhaint amach ón DCCE (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) nó aitheantas dírithe ar ghairmeacha ar leith sna tionscail agus earnálacha cuí. Tá na cláir seo dírithe fós ar ghairm bheatha nach bhfuil ainmnithe mar phrintíseachtaí agus a bhfuil scileanna suntasach i gceist leo trí mheascán de thréimhsí oiliúna agus thréimhsí taithí oibre lena chéile. Tá siad ar fáil don chuid is mó d'iontrálaithe nua sa mhargadh saothair agus do dhaoine atá dífhostaithe. Tá ról iontach tábhachtach ag na fostóirí sa chlár seo. Cuirtear de ghnáth agallaimh agus trialacha inniúlachta i gcásanna éagsúil le rannpháirtithe cearta a roghnú. Tuilleadh ar seo ón oifig ag 074 9120500 / 9120542, r-phost: coursesdonegaltc@donegaletb.ie nó gabh fad le www.donegaletb.ie/coursefinder.





Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*







**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**
Oifigí Riaracháin
Ard Uí Dhomhnaill
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall
**Fón: 074 91 61600**
**Facs: 074 91 22439**
**R-phost: info@donegaletb.ie**

**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**
**Seirbhís um Threoir agus Faisnéis don Aosach**
2ú hUrlár, Plás McKendrick
Bóthar an Phiarsaigh
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
**Teil: 074 91 78088**
**Facs: 074 91 78089**
**R-phost: adultguidance@donegaletb.ie**

www.donegaletb.ie

### Ag Foghlaim
**Beagnach 13,000 Dhuine Fásta (ó Aois 15 + os cionn) a chríochnaigh Cúrsa Breisoideachais agus Oiliúint leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall sa bhliain 2014.**

### Ar Thaithí Oibre
**Chríochnaigh 85% d'fhoghlaimeoirí a rinne Cúrsaí Leibhéil 4 agus 5 leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a gcuid taithí oibre sa bhliain 2014.**

### Cúram Leanaí
**Soláthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall seirbhísí Naíolann/Creis d'ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí i mBun Cranncha, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn agus Baile na nGallóglach agus rochtain ar scéim Clár Tacaíochtaí Traenála agus Fostaíochta i gCúram Leanaí do na foghlaimeoirí eile a chomhlíonann critéir.**

## Eolas Teagmhála

| Cláir / Ionaid | Teileafón | Suíomh Idirlíon |
|---|---|---|
| an tSeirbhís Threorach agus Faisnéise do Dhaoine Fásta | 074 91 78088 | www.donegaletb.ie/adultguidance |
| Printíseacht | 074 91 20500 | www.donegaletb.ie/apprenticeships |
| TFO – Iomlán Suíomh | 074 91 78088 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| Oideachais Pobail | 074 97 25520 | www.donegaletb.ie/communityeducation |
| OSS, SSO, Naisc, Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla, Cúrsaí Oiliúna Speisialta agus Oiliúint Inláir – Iomlán Suíomh | 074 91 20500/20542 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| Oiliúint Tráthnóna – Iomlán Suíomh | 074 91 20500/20502 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin | 074 91 37032 | www.donegaletb.ie/gartan |
| Foghlaim chun Maireachtála - Iomlán Suíomh | 074 97 21705 | www.donegaletb.ie/learningforliving |
| IAT – Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn | 074 91 21047 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| IAT – GS Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga | 074 97 31491 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| IAT – Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir | 074 91 31684 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| SDOG – IOA Leitir Ceanainn | 074 91 61581 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| SDOG – IOA Bhun Crannchа | 074 93 62466 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| SDOG – IOA Baile Dhún na nGall | 074 97 21705 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| SDOG – IOA Gort an Choirce | 074 91 35218 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| SDOG – IOA Baile na nGallóglach | 074 91 53194 | www.donegaletb.ie/coursefinder |
| Clár Ógtheagmhála | 074 91 78088 | www.donegaletb.ie/youthreach |



### Cúrsaí Oiliúint Tráthnóna
Tá clár oiliúna cuimsitheach ar fáil sna tráthnónta sna hIonaid Oiliúna Leitir Ceanainn agus Ghaoth Dobhair agus fós i gceantair fhor-rochtana ar fud an chontae. Tá na roghanna oiliúna tráthnóna páirtaimseartha, tráthnóna amháin nó dhó ar feadh tuairim is 15 de sheachtainí agus seans ag foghlaimeoirí nó fostaithe an deis chun ardú foghlama a bhaint amach nó cuir lena gcuid scileanna. Tuilleadh eolais ón oifig ag 074 9120500 / 9120502, r-phost: coursesdonegaltc@donegaletb.ie nó téigh ag an suíomh idirlíon ag www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin (IOOA Ghartáin)
Cuireann IOOA Ghartáin cúrsaí i spórt taobh amuigh faoin aer, oiliúint eachtraíochta, oideachas comhshaoil inbhuanaitheachta do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Tá cúrsaí tosaigh atá gearr ann suas fhad le cúrsaí oiliúint a bhfuil creidiúnaithe go gairmiúil. Is féidir fós cláir a chur lena chéile atá dírithe ar an duine aonair nó ghrúpa faoi leith. Tuilleadh eolais má chuireann tú glaoch ar an oifig i nGartáin ag 074 9137032, r-phost: office@gartan.com nó amharc ar an méid eolais ar an suíomh ag www.donegaletb.ie/gartan.

### Foghlaim chun Maireachtála
Tairgeann an Clár Foghlaim chun Maireachtála teagasc do dhaoine fásta a bhfuil gá dóibh tógáil ar na scileanna bunúsach mar léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú, matamaitic, ag plé le huimhreacha agus bunscileanna ríomhaireacht. Is féidir roghnú idir Leibhéil 1,2 agus 3 do chuid an Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Tá an clár foghlama in oiriúint do riachtanais gach dalta i ngrúpaí beaga agus i dtimpeallacht atá fáiltiú agus cairdiúil. Bíonn an clár fós ag obair le teaghlaigh i gcomhpháirtíocht le scoileanna agus freisin tá oiliúint sa teanga Bhéarla do chainteoirí teangacha eile. Cuir fón fhad linn ag 074 9721705, r-phost: adultguidance@donegaletb.ie agus eolas ar an suíomh ag www.donegaletb.ie/learningforliving.

### Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla (TOA)
Seo cláir atá dírithe ar thaithí oibre agus oiliúint i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail agus deonacha. Tá na cláir ann go háitiúil sa phobal chun tionscadail luachmhar agus atá riachtanach a bhaint amach agus ag an am céanna na rannpháirtithe ag fáil oiliúint ní hamháin leis an obair thionscadail féin ach dul chun cinn chuig fostaíocht nó oiliúint bhreise. Is féidir iarratais a fháil ó dhaoine atá dífhostaithe, go príomha iad atá idir 16-35 bliana d'aois, nach bhfuil aon cháilíochtaí foirmiúla acu nó a bhfuil cáilíochtaí neamhiomlán dara leibhéil. Níl aon riachtanais fhoirmiúla oideachais i gceist agus le haghaidh tuilleadh eolais cuir glaoch ar 074 912500 / 9120542, r-phost: coursesdonegaltc@donegaletb.ie nó cuairt fhad le www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)
Clár oiliúna do dhaoine os cionn 21 bliain d'aois agus atá ag fáil sochar leasa shóisialaigh nó ag síniú le haghaidh creidmheasanna agus iad ar oiliúint ar a laghad 156 lá. Is clár lánaimseartha SDOG agus cúrsaí Mór-Dhámhachtain ar Leibhéil 4 agus 5 do chuid DCCE (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann). Maireann siad de ghnáth thar 2 bhliain agus iad ar fáil sna hIonaid Oideachais agus Oiliúna Aosach. Fós tá na cúrsaí dírithe ar fhorbairt ar na scileanna agus inniúlachtaí a theastaíonn ó fhostóirí agus béim mhór ar thaithí oibre. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil leis na hIonaid Oideachais agus Oiliúna Aosach, r-phost: adultguidance@donegaletb.ie nó tabhair cuairt ar www.donegaletb.ie/coursefinder.

### Clár Ógtheagmhála
Is clár oifigiúil seo ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thugann oideachas, oiliúint agus taithí oibre do dhaoine óga san aois grúpa 15-21 agus a d'fhág scoil go luath agus atá beag nó gan aon cháilíochtaí oideachais acu. Sé aidhm an Clár Ógtheagmhála nó na scileanna lárnacha a theastaíonn le haghaidh tuilleadh foghlama a fhorbairt agus chun daoine óga a ullmhú fhad le breisoideachas agus fostaíocht. Is Leibhéil 2,3 agus 4 na cúrsaí agus cuid acu le creidiúnaithe agus roinnt eile nach bhfuil. Ina measc tá macasamhail an Pas Sábháilte agus an CETR (Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí) agus réimsí ábhair éagsúil eile a athraíonn ó ionad go hionad. Cuir fón fhad linn le haghaidh tuilleadh eolais ag 074 9178088, r-phost: adultguidance@donegaletb.ie nó téigh fad le www.donegaletb.ie/youthreach.



**Nóta Tábhachtach : Cúrsaí ar bith atá a dtairiscint ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus a bhfuil ceangal taithí oibre ann i measc páistí, daoine óga agus daoine fásta leochaileach – beidh ar na rannpháirtithe dul faoi Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.**